Eispéireas Foghlama:
Cuardaitheoirí Focal



Comhthéacs: Rang 6 – Céim 4

Tá tuiscint mhaith ag na páistí sa rang ar an gciall a bhaineann le réimíreanna, iarmhíreanna agus fréamhfhocail coitianta. I measc na réimíreanna coitianta a teagascadh go díreach, tá ath-, so-, do-, agus réamh-. I measc na n-iarmhíreanna coitianta a teagascadh go díreach, tá -óir, -lann, -ach agus -mhar. Mothaíonn an múinteoir gur gá do na páistí páirt a ghlacadh i níos mó eispéireas foghlama chun an t-eolas seo a dhaingniú agus feasacht teanga a fhorbairt sula n-aistreofar an t-eolas idir teangacha. Dá bhrí sin, ullmhaíodh eispéireas foghlama spraíúil, tarraingteach ina mbeidh na páistí mar Chuardaitheoirí Focal.

Toradh/Torthaí Foghlama

Léitheoireacht: Stór Focal: *réimse leathan de straitéisí stór focal agus eolas ar chomhchiallaigh, frithchiallaigh, comhainmneacha, táthmhíreanna agus fréamhfhocail a úsáid go solúbtha agus go muiníneach chun focail/frásaí nua i dtéacsanna a phlé agus chun brí a bhaint astu.*

Fóca(i)s Foghlama

Codanna focal a aithint agus a chatagóiriú: réimíreanna agus iarmhíreanna.

Eispéiris Foghlama

Cuardaitheoirí Focal:
Sliocht a léamh, réimíreanna agus iarmhíreanna a aimsiú agus a chatagóiriú.

Measúnú agus Monatóireacht

An féidir leis na páistí réimíreanna agus iarmhíreanna a aithint agus a chatagóiriú?

Eispéireas Foghlama:
Cuardaitheoirí Focal

Réimír	Iarmhír	Samplaí Eile
		athscríobh

Treoracha don Eispéireas Foghlama


1. Amharc ar an téacs le do ghrúpa chun réimíreanna agus iarmhíreanna a aimsiú.
2. Liostaigh na focail faoin teideal cuí ar an bpóistín.

Dúshlán:
Breac síos, sa tríú colún den tábla, focail ar bith ó do stór teanga féin a bhfuil réimíreanna nó iarmhíreanna iontu.

Ceisteanna Machnamhacha

Conas go ndéanfá oiriúnú ar an Eispéireas Foghlama seo chun freastal ar láidreachtaí, riachtanais, ábhair spéise agus indibhidiúlacht na bpáistí i do chomhthéacs?

Cén Eispéireas Foghlama traschuraclaim ina dhiaidh seo a dhéanfadh feasacht teanga na bpáistí a dhaingniú agus a neartú?



Réimír	Iarmhír	Samplaí Eile
		athscríobh

Cian ar Strae

Bhí Cian ag tosú sa chéad bhliain i gColáiste na Coille. Cé go raibh sé ar bís, bhí sé beagáinín míshocair freisin. Bhí a fhios aige go raibh bliain ghnóthach amach roimhe. An tseachtain roimhe sin, bhí lá réamhullmhúcháin sa scoil. Fuair gach dalta leabhrán eolais le léarscáil, clár ama agus liosta fada ábhar.

“Beidh sé seo sodhéanta,” a dúirt a mháthair. Ní raibh Cian chomh cinnte céanna. Maidin Dé Luain, sheas Cian sa halla agus d’fhéach sé ar a chlár ama. Bhí air dul chuig an leabharlann ar dtús, ansin chuig an tsaotharlann eolaíochta agus níos déanaí chuig an amharclann.

Bhí an scoil chomh mór sin go raibh sé dodhéanta na seomraí ar fad a aimsiú. Chuaigh Cian isteach sa chéad seomra a chonaic sé agus thuig sé go tapa go raibh sé sa seomra mícheart. D’fhéach corrdhuine air go fiosrach. Bhí náire air agus bhí sé dearg san aghaidh. Ar ámharaí an tsaoil, tháinig dalta cabhrach chuige agus thaispeáin sí an bealach ceart dó.

Ba é réamhroghnú na n-ábhar an chuid ba dheacra, áfach. “Smaoinigh ar an bpost a bheidh agat amach anseo,” a dúirt an múinteoir. Ach ní raibh a fhios ag Cian cén post a theastódh uaidh. An mbeadh sé ina dhearthóir? Bhí sé ceolmhar mar dhuine, mar sin b’fhéidir go mbeadh sé ina cheoltóir? Bhí a chol ceathrar ina ghrianghrafadóir agus thaitin an post sin leis.

Gach uair a cheap Cian go raibh cinneadh déanta aige, rinne sé athmhachnamh. Bhí sé dúshlánach an cinneadh ceart a dhéanamh.

Sa rang eolaíochta, thug an múinteoir tasc dóibh. Bhí orthu droichead beag a dhéanamh as cipíní adhmaid agus ábhar eile. Bhí an chéad iarracht lag agus thit an droichead. Níor ghéill Cian. Rinne an grúpa athdhearadh ar an droichead agus léigh siad na treoracha arís. Bhí an dara hiarracht níos láidre agus d’éirigh leo. “Obair chúramach agus iontach” a dúirt an múinteoir leis.



Ag am lóin, chuaigh Cian ar ais chuig an leabharlann.
Bhí póstaer mór ar an mballa: “Ní gá do thodhchaí a bheith réamhshocraithe agat inniu.” Rinne Cian athléamh ar an bpóstaer.

Ar an mbealach abhaile, mhothaigh sé níos suaimhní. B’fhéidir go raibh an chéad bhliain indéanta tar éis an tsaoil.